

Tiobaid Árann Áit do na hEalaíona

Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann 2023 - 2027




Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

ABHÁR

| | |
|--|------|
| CUID 1 ÁIT DO NA HEALAÍONA | P.9 |
| CUID 2 CREAT REACHTAÍOCHTA AGUS POLASAITHE | P.17 |
| CUID 3 DEISEANNA AGUS SAINCHEISTEANNA AG ÉIRÍ AS AN BPRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN | P.25 |
| CUID 4 MISEAN AGUS CROÍPHRIONSABAIL | P.31 |
| CUID 5 CUR CHUIGE AGUS TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA | P.35 |
| CUID 6 STRAITÉIS AGUS MAOINIÚ NA NEALAÍON A SHEACHADADH; MEASTÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ | P.53 |
| CUID 7 MODHEOLAÍOCHT TAIGHDE | P.59 |

Réamhrá



Thaispeáin ár stair le fíorghairid luach na n-ealaíon inár saolta go léir go soiléir agus leag sé béim ar na riachtanais a bhaineann le tacaíocht leanúnach a thabhairt do dheiseanna chun dul i ngleic lena chéile go cruthaitheach, go sóisialta agus mar phobal. Tuigtear go maith luach na cruthaitheachta i ré nua-aimseartha teicneolaíochta agus muid ag tabhairt aghaidh ar go leor dúshlán domhanda nua.

Is trí chomhrá agus idirphlé leis an earnáil agus leis an pobail a mbeidh tionchar aici orthu sna blianta amach romhainn a fhorbraíodh an Straitéis Ealaíon nua seo do Thiobraid Árann, trína ndéanfaimid SAMHLÚ, SPREAGADH agus INFHEISTÍOCHT sna healaíona amach anseo. Táimid buíoch do gach duine a chuir leis an bhforbairt seo trí rannpháirtíocht lenár bhfoireann ealaíon.

Tá ról tábhachtach ag na healaíona i neart réimsí dár bhfeidhmeanna údarais áitiúil agus forbartha agus cuireann siad go mór le creatlach shóisialta agus eacnamaíoch ár gcontae - ag cur le sláinte, folláine agus caighdeán saoil ár bpobal agus ár saoránaigh.

Cuidíonn earnáil bhríomhar ealaíon agus chultúir le pobail láidir agus acmhainneach a thógáil agus cuireann sí leis an ngeilleagar áitiúil trí dheiseanna níos fearr a chruthú don turasóireacht cultúrtha agus trí fhorbairt a dhéanamh ar na dtionscal cruthaitheach. Is féidir ról a bheith ag na healaíona san athbheochan freisin; ag feabhsú agus ag freagairt go cruthaitheach do na dúshláin a aithnítear le linn pleanála agus dearaidh uirbeach. Mar atá leagtha amach inár gcur chuige straitéiseach pleanáilte i dtaca le forbairt na n-ealaíon, táimid ag súil le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun Tiobraid Árann a fheabhsú trí na healaíona.

Aithníonn Plean Forbartha Contae Thiobraid Árann 2022-2028, a foilsíodh le déanaí, an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus le héabhlóid na féiniúlachta agus na sainiúlachtaí cultúrtha áitiúla. Tá tábhacht ar leith ag baint le hinfheistíocht sna smaointe a thagann ón gcontae, i bhforbairt ealaíontóirí, léiritheoirí cultúrtha agus eagraíochtaí ealaíon chun pobail chruthaitheacha agus daoine aonair a chruthú agus chun Áit do na hEalaíona i dThiobraid Árann a chinntiú.

Cllr Roger Kennedy, Cathaoirleach
Joe MacGrath, Príomhfeidhmeannach



Tionscadal Luascach Yonit Kosovske.
Grianghráfadóir Lucy Dawson.

Cuid 1

Áit do na hEalaíona



Tógann an dara Straitéis Ealaíon uile-chontae de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann (2023 – 2027) ar oidhreacht láidir de bhreis is fiche bliain de sholáthar ealaíon sa chontae agus tá sé mar aidhm aige deiseanna forbartha ealaíon a uasmhéadú sna blianta amach romhainn. D’oibrigh an Oifig Ealaíon go seasta ó bunaíodh í chun tacú le agus forbairt a dhéanamh ar chláir agus ar chleachtais a chuireann ar chumas ealaíontóirí, léiritheoirí cultúrtha, eagraíochtaí agus pobail a n-uaimhianta ealaíne a bhaint amach, d’fhonn áit níos fearr a dhéanamh do Thiobraid Árann trí na healaíona.

Baintear é seo amach le hinfheistíocht Údaráis Áitiúil, a thacaíonn leis an infreastruchtúr ealaíon chun rochtain ar na healaíona a sheachadadh ar fud an chontae, agus le cúnaimh deontais a sholáthar trí raon scéimeanna deontais ealaíon a thacaíonn le grúpaí agus eagraíochtaí dul i ngleic leis na healaíona. Ina theannta sin, tugann cláir ealaíon bhliantúla, a bhainistítear go díreach, aghaidh ar bhearnaí agus ar riachtanais aitheanta i soláthar ealaíon.

Oibríonn Oifig Ealaíon Thiobraid Árann le raon comhpháirtithe agus geallsealbhóirí, chun saol ealaíne an chontae a fheabhsú trí na healaíona a chomhtháthú i bpolasaithe ginearálta forbartha cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch na Comhairle Contae chun a chinntiú go bhfuil na healaíona lárnach don saol cathartha.

I sochaí is léiriú iad na healaíona agus an chruthaitheacht dár gcultúr, dár bhféiniúlacht áitiúil shainiúil agus dár muintir. Is minic a chuirtear i láthair iad i raon foirmeacha agus comhthéacsanna a léiríonn gur féidir leis na healaíona a bheith sreabhach, freagrúil, dúshlánach, spreagúil, taitneamhach, cumasaithe agus claochlaitheach. Tá ról tábhachtach ag na healaíona freisin maidir le cur le sláinte, folláine agus caighdeán saoil na saoránach.

D’fhorbair an chéad Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann múnla oibre nua do limistéar riaracháin nua tar éis an cumasc idir Chomhairlí Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas i 2014. Glacadh le cur chuige straitéiseach bunaithe ar chomhpháirtíocht i leith fhorbairt na n-ealaíon, ina bhfuil pointí comhghuaillíochta idir an Chomhairle agus gníomhaireachtaí eile. Leanfaidh an cur chuige seo ag tabhairt treoir d’obair Oifig Ealaíon Thiobraid Árann sna blianta amach romhainn ag tacú go cruthaitheach le hobair forbartha níos leithne an údaráis áitiúil agus ag baint leasa as an bpoitéinseal atá ann chun infheistíocht níos airde a mhealladh chuig na healaíona agus rannpháirtíocht pobail.



Forbraíodh an dara straitéis seo agus muid ag teacht amach as an tréimhse síorathruithe agus éiginnteachta a chruthaigh paindéim Covid-19. Leag an phaindéim béim ar luach na n-ealaíon don tsochaí nuair a thosaigh daoine ag fáil só agus sólás sa scannán, sa litríocht, sa cheol agus sna healaíona I gcoitinne, agus iad ag aithint gur léiriú iad na meáin seo ar ár ndaonnacht i dtréimhsí deacra. Mar a chonaiceamar, d'athraigh na riachtanais go tapa agus bhí orainn a bheith freagrúil agus cruthaitheach inár smaointeoireacht agus inár gcur chuige i leith múnlaí nua seachadta, cumarsáide agus léirithe. Cé go raibh dúshláin ollmhóra roimh earráil na n-ealaíon, tháinig roinnt deiseanna chun cinn freisin, ar féidir linn tógáil orthu sna blianta amach romhainn. Tá deiseanna nua líonraithe uile-chontae curtha ar fáil againn trí Zúm. Tharla sé seo de bharr riachtanais ach a d'fhás comhoibrithe tairbheacha sa chontae; d'oibríomar le hearnáil an cheoil tráchtála sa chontae chun tacaí Covid-19 arna maoiniú ag an Roinn a chur i bhfeidhm, rud a chothaigh caidrimh oibre nua; rinneamar athcheangal leis an dúlra agus leis an taobh amuigh, rud a chuir deiseanna dearfacha ar fáil chun spásanna nua lasmuigh a fhorbairt do na healaíona agus fonn nua a bheith páirteach i níos mó gníomhaíochtaí ealaíon faoin aer.

Soláthraíonn Tiobraid Árann – Áit do na hEalaíona plean do Chomhairle Contae Thiobraid Árann chun leanúint lena cuid oibre chun tacú le timpeallacht ina bhféadfaidh na healaíona bláthú ar mhaithe le healaíontóirí, léiritheoirí cultúrtha, pobail áitiúla agus cuairteoirí chuig an gcontae.



Páistí ó Ghaelscoil Thiobraid Árann, le linn scannánú TRIBE, scannán le Jazmin Chiodi, Alexandre Iseli, Lucy Dawson and Shane Vaughan (2021). Photographer A. Iseli.

Ceardlann Drumadóireachta 'Big Bang', Oíche Chultúir 2022, Grianghrafadóir Músaem na Staire Ceilte i dTiobraid Árann John Kelly.

Contae Thiobraid

Tá Tiobraid Árann, le daonra de 167,661 ar cheann de na cinn is mó contaetha tuaithe daonra go náisiúnta. An tírdhreach, a folaíonn sé raon de cheantair uirbeacha dlúthdhaonra i chomh maith le láithreacha tuaithe atá níos scaipthe go geografach, cuireann sé dúshlán i láthair maidir le conas a dhéantar soláthar ealaíon a mheas agus seachadta ar fud an chontae.

6th

Contae is mó de réir ceantair

14,000

thar aitheanta mar náisiúntacht seachas an Ghaeilge

TIPPERARY RESIDENTS

11th

is mó de réir daonra

62.7%

cónaí i gceantair thuaithe

4,282km²

2016 daonáirimh

37.3%

cónaí i gceantair uirbeacha

167,661

2021 daonáirimh



Cuid 2

Creat Reachtaíochta agus Beartais

Ionchorpraíonn na healaíona, mar a shainmhínítear í san Acht Ealaíon 2003, “aon léiriú cruthaitheach nó léirmhíthe (cibé acu traidisiúnta nó comhaimseartha) i cibé foirm, agus lena n-áirítear go háirithe, na hamharcealaíona, an téatar, an litríocht, an ceol, an rince, an ceoldráma, an scannán, an sorcas agus an ailtireacht agus aon mheán eile nuair a úsáidtear é dona gculpóirí sin.”¹

De bharr Alt 6 den Acht Ealaíon 2003 caithfidh na hÚdaráis Áitiúla pleananna a ullmhú agus a chur i bhfeidhm d’fhorbairt na n-ealaíon laistigh dá réimsí feidhme. Agus é sin á dhéanamh acu, féadfaidh Údaráis Áitiúla cúnamh airgeadais nó cúnamh eile a sholáthar i leith gníomhaíochtaí, tionscadal nó fiontair chun leas an phobail sna healaíona a spreagadh, eolas, léirtheiscint agus cleachtas na n-ealaíon a chur chun cinn nó caighdeán sna healaíona a fheabhsú laistigh dá réimse feidhme.

1 Arts Act 2003, Section 6



Ceardlann Priontála le Suzannah O’Reilly ag Meánscoil Loreto, Cluain Meala. Grianghrafadóir S. O’Reilly.

Ceardlann Líníochta Craig Mullins, TUS Cluain Meala, Oíche Chultúir 2023. Grianghrafadóir Dr. Marie Walsh

2.1 COMHTHÉACS BEARTAIS NÁISIÚNTA

Soláthraíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na hacmhainní, beartais agus creat reachtaíochta chun tacú le spreagadh agus forbairt na nEalaíon in Éirinn.

Is é sprioc Rannóg Ealaíon na Roinne ná rochtain a fheabhsú agus aitheantas a thabhairt do ról sóisialta agus eacnamaíoch na n-earnálacha ealaíon, cultúir agus scannán in Éirinn trí léiriú ealaíonta, feasacht chultúir agus rannpháirtíocht a chur chun cinn agus a spreagadh, trí Creat beartais, reachtaíochta agus acmhainne chuí.

Tá an Roinn ag teacht chuig na céimeanna deiridh dá céad Bheartas Cultúrtha Náisiúnta - Cultúr 2025. Chuir an beartas seo in iúl go soiléir ról tábhachtach an chultúir in Éirinn, agus leag sé amach mapa don earnáil chultúir go gceann na 10 mbliana roimh 2025. Cuireadh aidhmeanna ‘Cultúr 2025’ san áireamh freisin agus gníomhartha cláir á gceapadh.

Tionscnaimh bheartais an Rialtais a bhaineann le Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann ná:

ÉIRE CHRUTHAITHEACH

Bunaithe in 2017, tuigean Éire Chruthaitheach go gcuireann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach go mór le folláine daoine aonair, an phobail agus an náisiúin agus chun a bheith éifeachtach, caithfidh sé a bheith i gcroílár an bheartais phoiblí. Is clár cúig bliana é Éire Chruthaitheach a nascann daoine, cruthaitheacht agus folláine. Trí chomhpháirtíochtaí le rialtas áitiúil agus náisiúnta, le gníomhaireachtaí cultúrtha agus fiontraíochta agus le fiontraíocht áitiúil, cruthaíonn Éire Chruthaitheach bealaí agus deiseanna do dhaoine agus do phobail a n-acmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach. Tá Éire Chruthaitheach Thiobraid Árann comhordaithe ag an Oifig Oidhreachta le tacaíocht ó Fhoireann Chultúrtha Chomhairle Contae Thiobraid Árann.

SCÉIM PHÍOLÓTACH BUN-IONCAM DO NA HEALAÍONA

Tháirg an Tascfhórsa Ealaíon agus Cultúir, a bhunaigh an Roinn i Meán Fómhair 2020, an Tuarascáil Life Worth Living ina raibh moltaí maidir leis an mbealach is fearr a d’fhéadfadh earnáil na n-ealaíon agus an chultúir oiriúnú agus téarnamh ón bpaindéim COVID-19. Ba é an chéad mholadh ó thuarascáil an tascfhórsa ná scéim Bun-Ioncaim a reachtáil ar feadh tréimhse trí bliana sna hearnálacha ealaíon, cultúir, closamhairc agus léirithe beo agus imeachtaí. Cuireadh an scéim seo ar fáil do 2,000 ealaíontóirí i mí Mheán Fómhair 2022.

Go ginearálta is tríd an gComhairle Ealaíon, an ghníomhaireacht náisiúnta í do mhaoiniú, do fhorbairt agus do chur chun cinn na n-ealaíon in Éirinn, a sheoltar maoiniú an Rialtais do na healaíona. Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil rannchuidiú lárnach agus sainiúil le déanamh ag na healaíona dár sochaí atá ag forbairt. Bunaíodh an Chomhairle Ealaíon i 1951, chun suim an phobail sna healaíona a spreagadh agus chun eolas, tuiscint agus cleachtas na n-ealaíon a chothú. Is comhlacht neamhspleách í an Chomhairle Ealaíon, atá faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Oibríonn an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht le healaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, lucht déanta beartas poiblí agus daoine eile chun áit lárnach a thógáil do na healaíona i saol na hÉireann.

Tá an Chomhairle Ealaíon sna blianta deiridh dá straitéis deich mbliana reatha *Making Great Art Work 2016-2025*, a shaináithníonn na tosaíochtaí seo a leanas:

- » **AN TEALAÍONTÓIR:**
Tugtar tacaíocht d'ealaíontóirí saothar den scoth a dhéanamh a mbaintear taitneamh agus luach as.
- » **RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ:**
Bainfidh níos mó daoine sult as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán.
- » **STRAITÉIS INFHEISTÍOCHTA:**
Infheistítear airgead poiblí go héifeachtach chun tosaíochtaí a bhaint amach.
- » **PLEANÁIL SPÁIS AGUS DHÉIMEAGRAFACH:**
Soláthar ealaíon dea-phleanáilte chun leasa daoine ar fud na tíre.
- » **CUMAS A FHORBAIRT:**
Eolas, scileanna agus cruthaitheacht a fhorbairt chun an straitéis seo a bhaint amach.

In 2016 d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon agus Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA) Creat le haghaidh Comhoibrithe. Is é cuspóir an chomhaontaithe ná luach na comhpháirtíochta straitéiseach idir an Chomhairle Ealaíon agus údarais áitiúla ar fud na tíre a thabhairt chun suntais agus a shoiléiriú, agus fis agus spriocanna leathana a leagan amach maidir lena bhfuil le baint amach ag na comhpháirtithe.

Trí *Chreat-Chomhaontú Thiobraid Árann (2018 - 2025)*, oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann agus an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht i réimsí tosaíochtaí straitéiseacha comhroinnte d'fhorbairt na n-ealaíon i dTiobraid Árann. Trí oibriú go dlúth le chéile, tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Thiobraid Árann agus ag an gComhairle Ealaíon na healaíona a neartú, rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a fheabhsú agus inbhuanaitheacht na ndaoine a oibríonn sna healaíona a fheabhsú. Déanann Oifig Ealaíon Thiobraid Árann iarratas bliantúil ar mhaoiniú chuig an gComhairle Ealaíon chun tacú leis an gclár oibre forbartha ealaíon seo.

Tá forálacha na straitéise seo ailínithe go hiomlán le tosaíochtaí sonraithe straitéis ealaíon na Comhairle Ealaíon '*Making Great Art Work*' (2016 - 2025).

Beidh tionchar ag athruithe ar bheartas an rialtais agus athruithe níos leithne sa tírdhreach ealaíon agus cultúrtha ag an leibhéal náisiúnta ar an dtimpeallacht ina bhfeidhmíonn na healaíona ag leibhéal an chontae le linn tréimhse na Straitéise seo.

Sa chlár In the Open/Faoin Spéir, 'Inside Out: Stay Curious', Laura O'Mahony. Faoi stiúir Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas. Grianghrafadóir Kevin O'Donnell.

2.2 LOCAL POLICY CONTEXT



2.2 COMHTHÉACS BEARTAIS ÁITIÚIL

Tá Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Thiobraid Árann lonnaithe laistigh den Stiúrtóireacht um Pleanáil agus Forbairt, Seirbhísí Éigeandála agus Pleanáil Éigeandála, Leabharlanna/Seirbhísí Cultúrtha/Bithéagsúlachta. Faoi stiúir an Stiúrtóir Seirbhíse tá an Fhoireann Chultúrtha comhdhéanta den Oifigeach Ealaíon, Leabharlannaí Contae, Oifigeach Oidhreachta agus Coimeádaí an Mhúsaeim. Oibríonn an Fhoireann Chultúrtha le chéile chun tacú leis an earnáil chultúir agus chun deiseanna rochtana ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí cultúrtha i dTiobraid Árann a uasmhéadú agus a fheabhsú.

Tá an Straitéis Ealaíon seo ailínithe go dlúth agus comhtháite go héifeachtach leis na príomhstraitéisí atá ann cheana féin ar fud Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus le straitéisí atá á fhorbairt go mór faoi láthair.

Foilsíodh Plean *Forbartha Contae Thiobraid Árann 2022 – 2028* i mí Iúil 2022 agus is é an dara ceann dá leithéid don chontae ar fad. Aithnítear sa phlean go bhfuil ról suntasach ag na healaíona i réimse leathan seirbhíse na Comhairle, go háirithe i réimsí forbartha sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha, agus i gcur chun cinn agus forbairt an chontae mar áit uathúil chun cónaí ann agus chun cuairt a thabhairt air. Aithníonn an Chomhairle an cumas atá ag na healaíona saol daoine a shaibhriú agus feiceann sí an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus le forbairt na féiniúlachta agus na sainiúlachtaí cultúrtha áitiúla. Baineann Cuspóir Straitéiseach a hOcht go sonrach leis na healaíona agus leis an gcultúr agus leagann sé amach fíis na comhairle chun “tacú, luacháil agus cosaint a thabhairt dár n-oidhreacht ealaíonta, chultúrtha agus thógtha do na glúnta atá le teacht agus chun a príomhról inár ngeilleagar a aithint”. Tá ról féideartha ag na healaíona freisin maidir le roinnt cuspóirí ón bPlean Forbartha Contae a bhaint amach trí obair leathan abhcóideachta agus comhpháirtíochta laistigh de Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Tacaíonn Cuspóir Straitéiseach a trí le hathnuachan bailte agus sráidbhailte ina bhfuil príomhról ag na healaíona iontu. Tá forbairt pobail ghníomhacha, nasctha agus ionchuimsitheacha sóisialta mar atá leagtha amach i gCuspóir Straitéiseach a ceathair mar fhócas i go leor dena clár ealaíon de chuid na Comhairle. Tá an poitéinseal ag an tacaíocht do thalann nuálaíochta agus chruthaitheach cur leis na huaimhianta atá leagtha amach i gCuspóir Straitéiseach a cúig.



Sraith gruaige agus lámh I-VII
Líníochtaí ó shraith 2022 Aideen Barry (c) 2022.
Cruthaithe ag an chónaitheacht YADDO i Nua-Eabhrac



Scéim Ealaíontóir Bunscoile Scoil Náisiúnta Shliabh Ardach leis an ealaíontóir Katy Goodhue. Grianghrafadóir K. Goodhue.

Leagtar amach i bPlean *Corparáideach Chomhairle Contae Thiobraid Árann 2020 – 2024* ceithre théama straitéiseacha, ar forbraíodh straitéisí ina leith, a soláthróidh fíis na Comhairle agus a chinnteoidh feabhsuithe ar sheirbhísí agus ar infreastruchtúr na Comhairle thar thréimhse an phlean. Baineann an Ráiteas Straitéiseach “Ár bPobal” go háirithe leis an straitéis seo agus ina uaimhian chun leanúint “ar aghaidh ag forbairt Thiobraid Árann mar áit tharraingteach chun cónaí ann” agus chun “pobail láidre muiníneacha a thógáil le bród atá cuimsitheach, comhionann agus feasach” agus chun “tacú leis na hEalaíona agus le foghlaim fad saoil, chun oidhreacht agus cultúr saibhir agus éagsúil a chruthú.”

Léiríonn Plean *Straitéiseach Forbartha Turasóireachta, Margaíochta, Eispéiris & Ceann Scribe Thiobraid Árann 2016 – 2021* an flúirse ollmhór sáreispéiris do chuariteoirí atá a chuireann an Contae ar fáil agus leagann sé amach plan gníomhaíochta maidir le margaíocht agus forbairt a dhéanamh ar Thiobraid Árann mar ceann scribe ionas go mbeidh tarraingt shuntasach ag an gceantar ar stáitse náisiúnta agus idirnáisiúnta. Aithníonn an plan seo, atá leathnaithe de bharr na paindéime Covid-19, an gá atá le hoibriú le soláthróirí turasóireachta sa chontae agus leis na príomhghníomhaireachtaí chun tacaíocht a chomhordú don earnáil turasóireachta i gContae Thiobraid Árann.

Is plan comhtháite é Plean *Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Thiobraid Árann* (LECP) chun forbairt sa chontae a threorú ó thaobh eacnamaíochta, pobail, cultúrtha, spóirt agus caitheamh aimsire de. Tá LECP nua á fhorbairt faoi láthair.

Cuid 3

Deiseanna agus Saincheisteanna ag éirí as an bPróiseas Comhairliúcháin

Ullmhaíodh *Straitéis Ealaíon Chomhairle Contae Thiobraid Árann, Tiobraid Árann – Áit do na hEalaíona (2023 – 2027)* tar éis dul i gcomhairle le healaíontóirí agus léiritheoirí cultúrtha, eagraíochtaí ealaíon, ionaid agus féilte, baill den phobal ar spéis leo, ionadaithe tofa agus foireann Chomhairle Contae Thiobraid Árann.

Foilseachán 'Around Each Bend'.
Grianghrafadóir Debbie Hickey.



PRÓISEAS FORBARTHA AGUS GLACTHA LEIS AN DARA STRAITÉIS EALAÍON:

1. ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR AN STRAITÉIS REATHA IÚIL - LÚNASA 2022
2. EISIGH SUIRBHÉ AR LÍNE AGUS CÓIP CHRUA MEÁN FÓMHAIR 2022
3. COMHAIRLIÚCHÁIN MEÁN FÓMHAIR - DEIREADH FÓMHAIR 2022
4. ANAILÍS AGUS SAINCHEISTEANNA A THAGANN ANÍOS, CUR CHUIGE STRAITÉISEACH AGUS TOSAÍOCHTAÍ AITHEANTA DEIREADH FÓMHAIR - SAMHAIN 2022
5. AN DRÉACHT A CHUR FAOI BHRÁID AN CHOISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA NOLLAIG 2022
6. GLACADH LEIS AN BPLEAN AG AN GCOMHAIRLE NOLLAIG 2022 - EANÁIR 2023
7. DRÉACHT-STRAITÉIS EALAÍON A THABHAIRT CHUN CRÍCHE NOLLAIG 2022 - EANÁIR 2023
8. SEACHADADH AGUS CUR I BHFEIDHM 2023 - 2027

Tá deis thráthúil curtha ar fáil ag an straitéis ealaíon nua seo do Thiobraid Árann le haghaidh comhrá agus comhairliúcháin le hearnáil na n-ealaíon ar fud an chontae. Tá a fhios againn ónár gcuid oibre go bhfuil earnáil dhinimiciúil, thiomanta agus chumasach againn a chuireann le cur chun cinn na n-ealaíon sa chontae.

Tá earnáil na n-ealaíon i dTiobraid Árann comhdhéanta de phobal gníomhach d'ealaíontóirí atá ag cleachtadh, léiritheoirí cultúrtha, líonra eagraíochtaí ealaíon, féilte ealaíon agus ionaid ealaíon, cleachtóirí ealaíon amaitéaracha agus deonacha agus grúpaí atá ríthábhachtach dár dtaithe ar thairiscint bheoga ealaíne i dTiobraid Árann.

'Tangle Around' 2022, Durlas – le Sadbh Grehan.
Grianghrafadóir Eoin Considine.



Agus an straitéis á fhorbairt, thugamar faoi chomhairliúchán fairsing trí shuirbhéanna ealaíon, cruinnithe agus cainteanna agus fuair muid freagairt láidir dearfach. Chuir na comhráite agus na rannpháirtíochtaí seo lenár saineolas oibre ar earnáil na n-ealaíon agus ar an gcontae, agus chuidigh siad linn chun na saincheisteanna atá roimh an earnáil a aithint. Chabhraigh an próiseas comhairliúcháin agus athbhreithnithe linn freisin chun na straitéisí agus éachtaí rathúla a bhí againn le blianta beaga anuas a aithint sa chaoi is go bhfuil muid in ann tuilleadh forbartha agus feidhmithe a dhéanamh agus muid ag iarraidh ár n-aidhm a bhaint amach chun tacú le Tiobraid Árann mar áit inar féidir leis na healaíona bláthú.

Tríd an bpróiseas pleanála straitéise, tháinig raon de riachtanais forbartha agus infheistíochta chun cinn, agus is léir go bhfuil roinnt dúshlán fós ann. Tabharfar tosaíocht d'fhreagairtí straitéiseacha ar na saincheisteanna seo thar thréimhse ama an dara *Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann 2023 - 2027*.

Saincheist lárnach a ardaíodh le linn an phróisis chomhairliúcháin ná an gá atá ann le raon níos leithne d'fhorbairtí infreastruchtúir - ar nós spásanna oiriúnacha chun ealaín de gach cineál, a chruthú, a chleachtadh, a tháirgeadh, a léiriú, a scaipeadh, a spreagadh agus a úsáid. Bhí sé seo fíor go háirithe i bpríomhionaid daonra an Aonaigh agus Chluain Meala. Tá maoiniú agus soláthar foirme na n-ionad fós ina bpríomhcheist ar fud an chontae. Cuireadh fonn láidir ar dheiseanna líonraithe ealaíontóirí in iúl ar fud an chontae freisin.

Ardaíodh an gá atá leis an mbeartais náisiúnta ealaíon maidir le hÍoc an Ealaíontóra in eagraíochtaí agus grúpaí a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann a chur i bhfeidhm agus tabharfar tús áite dó.

Dhírigh saincheisteanna ardtosaíochta eile a tháinig chun cinn ar fhorbairt deiseanna rannpháirtíochta agus rannpháirtíocht chruthaitheach ag pobail éagsúla ar fud an chontae, go háirithe i réimsí rannpháirtíochta na n-óg, i gcomhthéacsanna ealaíon agus sláinte agus le pobail nua. Leagadh béim ar an ngá atá le cláir ealaíon agus cláir for-rochtana atá rannpháirteach go sóisialta a fhorbairt agus a maoiniú, agus béim ar leith ar thograí chun aghaidh a thabhairt ar rochtain tuaithe.

I bhfianaise na dtionchar a bhí ag an bpaindéim Covid-19 ar na hearnálacha ealaíon agus beo go háirithe agus an méid atá foghlamtha againn dá bharr, aithnítear na mhodhanna chun dul i dteagmháil le lucht féachana trí theicneolaíochtaí digiteacha atá ag forbairt agus ag athrú go tapa, mar dhúshlán don todhchaí. Bhí béim láidir freisin ar an tsaincheist níos leithne maidir le lucht féachana a mhealladh le haghaidh na n-ealaíon agus an lucht féachana a mhealladh arís i ndiaidh covid.

Leagadh béim ar raon saincheisteanna náisiúnta agus domhanda, ar nós costas maireachtála agus costas méadaitheach árachais, athrú aeráide, tionchar comhshaoil, agus cailteanas bithéagsúlachta. Beidh tionchar acu seo ar na blianta amach romhainn agus rachaidh siad i bhfeidhm ar ár smaointeoireacht agus ár bpleanáil do thodhchaí na n-ealaíon sa chontae.

Cuid 4

Fís, Misean agus Croíphrionsabail

Fís

Tiobraid Árann a fheabhsú mar áit tríd na healaíona.

Misean

Tacú le timpeallacht ina bhféadfaidh na healaíona bláthú chun leasa ealaíontóirí, cleachtóirí cruthaitheacha, pobail áitiúla agus cuairteoirí chuig an gcontae.

SAMHLAIGH

SPREAG

INFHEISTIGH

Croíphrionsabail

Is iad croíphrionsabail na hOifige Ealaíon:

SAMHLAIGH

Bí cruthaitheach inár bhfís agus uaimhian do na healaíona sa chontae. Leas a bhaint as saineolas cruthaitheach fhoireann na hoifige ealaíon; straitéisí a chruthú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun leanúint le Tiobraid Árann a fhorbairt mar áit chruthaitheach le maireachtáil ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air.

SPREAG

Comhoibriú le healaíontóirí, cleachtóirí cruthaitheacha, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ealaíon agus pobail chun comfhís a bhaint amach do na healaíona i dTiobraid Árann; tábhacht na n-ealaíon a mholadh.

INFHEISTIGH

Tacú le healaíontóirí, léiritheoirí cultúrtha, eagraíochtaí agus pobail a n-uaimhianta ealaíonta a bhaint amach trí raon gníomhaíochtaí maoinithe agus forbartha.

Cuid 5

Cur Chuige agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

Imlíníonn an chuid seo Cur Chuige Straitéiseach agus aithníonn sé ceithre Thosaíocht Straitéiseacha. Tá na cuspóirí atá taobh thiar de gach ceann díobh seo leagtha amach ar na leathanaigh seo a leanas, mar aon le sraith gníomhartha, a bheidh mar mhodh ag an Oifig Ealaíon na cuspóirí a bhaint amach.




Cur Chuige Straitéiseach

Áit lárnach do na healaíona i dTiobraid Árann a shamhlú, a thacú agus a chur chun cinn

Teastaíonn cur chuige straitéiseach, comhoibríoch agus cruthaitheach ó obair na hOifige Ealaíon chun a croíphrionsabail a chomhlíonadh, Samhlaigh, Spreag agus Infheistigh. Tá fíís láidir forbartha ag Comhairle Contae Thiobraid Árann do na healaíona sa chontae trína mhian a chinntiú go mbíonn deis ag gach duine a chónaíonn i dTiobraid Árann nó a thugann cuairt ar Thiobraid Árann dul i ngleic leis na healaíona agus páirt a ghlacadh iontu agus taitneamh a bhaint as saol bríomhar cultúrtha. Tá obair na sainfhoireann ag Oifig Ealaíon Thiobraid Árann chun fíís Chomhairle Contae Thiobraid Árann do na healaíona a chur i bhfeidhm ilghnéitheach agus samhlaíoch, agus cuimsíonn sí raon leathan seirbhísí, gníomhartha agus gníomhaíochtaí. Áirítear leis seo soláthar faisnéise agus comhairle, tacaíocht a thabhairt do na healaíona ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe a shocrú, tabhairt faoi thaighde agus phleanáil, infheistíocht a lorg sna healaíona, agus a thabhairt dona healaíontóirí, léiritheoirí cultúrtha agus don infreastruchtúr ealaíon trí bhainistiú a dhéanamh ar a raon scéimeanna agus clár.

Déantar cur síos níos mionsonraithe ar roinnt gníomhartha atá mínithe sa chuid seo faoi na ceithre Thosaíocht Straitéiseacha.



Siúlóid Dhoire na bhFlann, Oíche Chultúir 2021.
Grianghrafadóir Debbie Hickey.

CUSPÓIRÍ

Beartais agus straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun leanúint le Tiobraid Árann a fhorbairt mar áit chruthaitheach le maireachtáil agus le hoibriú ann

Tacú le healaíontóirí, eagraíochtaí agus pobail a n-uaimhianta ealaíne a bhaint amach

Comhoibriú le raon gníomhaireachtaí ábhartha chun an fhís chomhroinnte do na healaíona i dTiobraid Árann a bhaint amach

Tacaíocht a thabhairt do riachtanais maoinithe agus forbartha na n-ealaíon i dTiobraid Árann ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil

Tacú le healaíontóirí, eagraíochtaí agus pobail chun dea-chleachtas a phlé agus a ghlacadh ina gcuid oibre maidir le dúshláin dhomhanda ar nós aeráid, comhshaol agus bithéagsúlacht

Tionchar na teicneolaíochta digiti ar thírdhreach athraitheach na n-ealaíon a aithint

Comhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí a thairiscint beag beann ar inscne, claonadh gnéasach, stádas sibhialta nó teaghlach, creideamh, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil, nó cúlra socheacnamaíoch

GNÍOMHARTHA

» Leanúint le rochtain ar eolas agus comhairle ealaíon a sholáthar agus a fheabhsú do phobal na n-ealaíon, do phríomhpháirtithe leasmhara, agus don phobal trí shainchruinnithe comhairleacha, an nuachtlitr ealaíon, na meáin shóisialta agus acmhainní ar líne, tionscnaimh eolais agus oiliúna

» Leanúint ar aghaidh ag soláthar tacaíochtaí maoinithe d’ealaíontóirí agus d’eagraíochtaí laistigh de na hacmhainní atá ar fáil ar bhealach spriocdhírthe, straitéiseach agus freagrúil ag am ina bhfuil timpeallachtaí athraitheacha

» Pointí chomghuaillíochta a aithint ar fud na Foirne Cultúrtha i gComhairle Contae Thiobraid Árann chun deiseanna comhroinnte a threisiú agus comhoibríthe a bharrfheabhsú.

» Continue to broker and develop inter-agency partnerships and collaborations to advance the arts in Tipperary

» Support national agencies (Arts Council, OPW, Government Departments, etc.) in the delivery of funding and programming initiatives at local level

» Tacú le ranna eile de chuid TCC ina dtrasnaíonn tionscadail ealaíon agus chultúrtha le cláir chathartha, a bhaineann le turasóireacht, agus cláir eile, forbairtí caipitil agus iarratais ar mhaoiniú

» Leanúint le taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú ar riachtanais, ar dhea-chleachtas, agus ar fhorbairtí eile, d’fhonn tacú leis na healaíona sa chontae agus iad a phleanáil.

» Glacadh leis an gcleachtas is fearr maidir le Straitéis na Comhairle um Oiriúnú Aeráide (2019-2024) agus a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig Ealaíon na bearta agus na treoirlínte ábhartha

» Tacú le hearnáil na n-ealaíon trí fhaisnéis, ardú feasachta agus oiliúint chun glacadh le dea-chleachtas ina gcuid oibre

» Smaoinigh ar úsáid chuí acmhainní agus teicneolaíochtaí digiteacha chun obair na hOifige Ealaíon a sheachadadh

» Meicníochtaí taighde chun riachtanais earnáil na n-ealaíon a aithint agus tacú leo maidir le cruthú, táirgeadh, léiriú agus scaipeadh ábhair dhigitigh

» A chinntiú go dtugann gach maoiniú agus deiseanna eile cuireadh d’éagsúlacht agus go bhfuil siad cuimsitheach go réamhghníomhach

» Gníomhartha dearfacha a ghlacadh chun dul i ngleic le haon mhíchothromaíochtaí aitheanta in aon réimse



Crann na Beatha; Ealaíontóir Joe Neeson;
Oifigí Cathartha, Baile Thiobraid Árann

Tosaíocht Straitéiseach 1

Spás d'ealaíontóirí

Tá aitheantas tugtha le fada ag Comhairle Contae Thiobraid Árann don ról lárnach atá ag an ealaíontóir agus ag cleachtóirí cruthaitheacha i bhforbairt na n-ealaíon go háitiúil.

Is é aidhm na tosaíochta straitéiseach seo ná tacú le healaíontóirí agus le cleachtóirí cruthaitheacha ar fud na bhfoirmeacha ealaíne go léir, ag gach céim dá ngairmeacha beatha agus ó gach cúlra, chun a gcleachtas a fhorbairt agus a chur ar a gcumas dul i ngleic le agus cur le forbairt ealaíon, cultúrtha agus sóisialta an chontae.

UP-CLOSE le Monica Muñoz, Coimisiún Rince Thiobraid Árann (2021).
Grianghrafadóir Alexandre Iseli.



CUSPÓIRÍ

Tacú le healaíontóirí ó gach cúlra le spás, am agus acmhainní chun a gcleachtas a fhorbairt ag céimeanna éagsúla dá ngairmeacha beatha

GNÍOMHARTHA

- » Leanúint le cúnaimh airgeadais a sholáthar d'ealaíontóirí trí raon scéimeanna seanbhunaithe
- » Thar thréimhse na straitéise, imscrúdaigh tionscnaimh nua féideartha agus bealaí chun freagairt do riachtanais ealaíontóirí (lena n-áirítear meantóireacht, iarratais chomhoibríocha, cónaitheachtaí srl.)
- » Oibriú chun struchtúir a chruthú a thacaíonn le agus a chuimsíonn rannpháirtíocht ealaíontóirí ó gach cúlra
- » Gradam bliantúil a fhorbairt d'ealaíontóirí nua as Tiobraid Árann
- » Naisc a bhunú le coláistí tríú leibhéal chun ealaíontóirí, atá loinnithe i dTiobraid Árann agus atá ag teacht chun cinn, a aithint agus cumarsáid a dhéanamh leo chun obair na hoifige ealaíon a chur chun cinn agus chun riachtanais a thuiscint

Deiseanna oibre, rannpháirtíochta agus saibhrithe a sholáthar d'ealaíontóirí ar fud na bhfoirmeacha ealaíne go léir, ag gach céim dá ngairmeacha beatha agus ó gach cúlra tríd an gclár ealaíon agus leanúint ar aghaidh ag lorg deiseanna d'ealaíontóirí dul i ngleic le forbairt shóisialta agus chultúrtha níos leithne an chontae

- » Leanúint le deiseanna oibre cruthaitheacha a sholáthar d'ealaíontóirí Thiobraid Árann trí raon scéimeanna, clár agus tionscnamh lena n-áirítear Féile Bealtaine Thiobraid Árann, Oíche Chultúir, Scéim Ealaíontóirí sa Bhunscoil srl.
- » Deiseanna leanúnacha a chinntiú d'ealaíontóirí chun saothar a sheachadadh chuig pobail agus lucht féachana trí thacaíocht ó infreastruchtúr na n-ealaíon i dTiobraid Árann
- » Spásanna fisiceacha a chur ar fáil (nuair is féidir) d'ealaíontóirí chun saothair nua a fhorbairt agus a chleachtadh trí thacaíocht ó infreastruchtúr na n-ealaíon i dTiobraid Árann.
- » Trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha, fiosrú a dhéanamh ar sholáthar spásanna buana agus sealadacha (le haghaidh ealaín a dhéanamh agus a chleachtadh) mar fhreagra ar riachtanais ealaíon agus chultúrtha atá ag teacht chun cinn.
- » Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna nua d'ealaíontóirí agus iad a lorg (m.sh., trí fhorbairt ar nós Tús Áite do Lár an Bhaile, tionscnaimh Geilleagar Oíche agus Céatadán don Choimisiúnú Ealaíne)

Tacú le dea-chleachtas i dtéarmaí conraitheoireacht agus íocaíocht ealaíontóirí

- » A chinntiú go gcloíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann agus iad siúd atá maoinithe agus tacaíte ag an gComhairle chun ealaíontóirí a fhostú chun obair a dhéanamh le beartas náisiúnta maidir leis an Ealaíontóir a Íoc

Oiliúint, meantóireacht agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a sholáthar d'ealaíontóirí chun tacú le gairmeacha beatha inbhuanaithe mar fhreagra ar riachtanais aitheanta

- » An munla oiliúna reatha agus comhpháirtíochtaí a chothabháil le húdarais áitiúla agus le comhpháirtithe eile (m.sh. Ealaíontóirí Amharc Éireann)
- » An múnla a fhorbairt tuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus chun freagairt dóibh de réir mar a thagann siad chun cinn

Deiseanna líonraithe agus comhoibrithe a éascú d'ealaíontóirí

- » Réimse d'imeachtaí spriocdhírthe ar líne agus go pearsanta, ar chomhoibriú agus ar chomhroinnt cleachtais a sheachadadh d'ealaíontóirí sa chontae d'fhonn aonrú a laghdú, tacaíocht piaraí agus trastoirciú smaointe a spreagadh, agus tacú le cleachtais ildisciplíneacha. Nuair is féidir, déanfar iad seo a dhearadh agus a sheachadadh i gcomhar le comhpháirtithe ealaíon áitiúla agus náisiúnta

Tosaíocht Straitéiseach 2

Infreastruchtúr Cruthaitheach

Tacaíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann le hinfreastruchtúr láidir d’eagraíochtaí ealaíon gairmiúla agus amaitéaracha, d’fhéilte agus d’ionaid a chuireann saothar ealaíon i láthair agus chun cinn, ionas gur féidir leis an bpobal taitneamh a bhaint as raon leathan d’eispéiris ealaíon den scoth mar lucht féachana agus mar rannpháirtithe gafa.

Tagraíonn infreastruchtúr cruthaitheach don raon ionad ealaíon, feilte, eagraíochtaí ealaíon agus leiritheoirí cultúrtha (gairmiúil, amaitéarach agus deonach) atá mar chuid de tírdhreach na n-ealaíon sa chontae agus a chruthaíonn pointe fócasach do ghníomhaíocht ealaíon, agus a chuireann leis an gcaighdeán saoil inár mbailte agus sráidbhailte.

Forbraíodh *Ionad Ealaíon na Foinse* nDurlas mar Áis Réigiúnach Ealaíon & Cultúir saintógtha agus osclaíodh é i 2006. Faoi stiúir an Údaráis Áitiúil leanfaidh An Fhoinse ag feidhmiú agus a bheith maoinithe tríd an bpróiseas buiséid bhliantúil mar Ionad Ealaíon Réigiúnach an Chontae. Cuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann tacaíocht dhíreach airgeadais ar fáil freisin trí phróiseas an bhuiséid bhliantúil do phríomhionaid ealaíon sa chontae laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, is iad sin *Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas; ‘Excel’ Thiobraid Árann agus Ionad Ealaíon an Aonaigh*.



CUSPÓIRÍ

Tacú le hinfreastruchtúr na n-ealaíon sa chontae chun na spásanna agus na háiteanna a sholáthar inar féidir eispéiris ealaíon d’ardchaighdeán a chur i láthair don lucht féachana, agus inar féidir deiseanna rannpháirtíochta poiblí sna healaíona a chur ar fáil

Iníúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal agus ar an bhféidearthacht go mbeadh ionaid eile le haghaidh gníomhaíochtaí ealaíon chun dul i ngleic le bearnaí san infreastruchtú mar a aithníodh sa chomhairliúchán

Aitheantas a thabhairt do ionchur na hearnála dinimiciúil pobail, deonach agus amaitéarach trí thacaíochtaí airgeadais agus trí chomhairle, eolas agus cur chun cinn obair na bpobal agus na n-eagraíochtaí ar fud an chontae

Tacú le tionscnaimh straitéiseacha ar mhórscaála i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla eile chun tírdhreach ealaíon an chontae a athrú sna blianta atá le teacht. Ina measc seo tá *Music Generation* Thiobraid Árann agus *Creative Places* i mBaile Thiobraid Árann

GNÍOMHARTHA

- » Maoiniú agus tacaíochtaí gairmiúla a chaomhnú don infreastruchtúr ealaíon ar fud an chontae laistigh de na hacmhainní atá ar fáil
- » Oibriú i gcomhar le hionaid, féilte, agus eagraíochtaí chun tacaíocht maoinithe a lorg le haghaidh comhchoimisiúnú, forbairt, agus cur i láthair saothar nua ó chleachtóirí Thiobraid Árann (go háirithe i réimse na hamharclannaíochta)
- » Leanúint ar aghaidh ag comhordú Scéim Féilte & Imeachtaí Thiobraid Árann
- » An Bealach Amach Romhainn – Straitéis Fhéilte & Imeachtaí Thiobraid Árann 2022 - 2024 a chur i bhfeidhm
- » Comhaontuithe comhpháirtíochta a chaomhnú le hionaid agus le heagraíochtaí a réachtáiltear go gairmiúil chun raon clár agus tionscnamh a bhainistiú agus a sheachadadh.
- » Cur leis an iarratas chuig an gCiste Forbartha Uirbeach agus Tuaithe chun athchóiriú a dhéanamh ar Bheairic an tSéipéil@Kickham mar spás cultúrtha oiriúnach a bheidh á bhainistiú ag Ionad Ealaíon Thiobraid Árann Theas.
- » Oibriú le comhpháirtithe na n-údarás áitiúil chun beartais agus treoirlínte cuí a fhorbairt maidir le húsáid spásanna nua ealaíon lasmuigh atá á n-úsáid níos mó agus luach níos mó ag baint leo ó bhí an phaindéim Covid-19 ann.

- » Dul i dteagmháil le raon comhpháirtithe agus gníomhaireachtaí ar fud an chontae chun spásanna oiriúnacha a aithint a d’fhéadfadh freastal ar riachtanais ealaíontóirí agus lucht féachana, go háirithe maidir le spásanna chun na healaíona a chruthú, a chleachtadh agus a chur i láthair.
- » Maoiniú a lorg chun taighde a threorú ar mhúnlaí seachadta mar fhreagra ar na saincheisteanna ar leith a bhaineann le hionaid atá leagtha amach ag earnáil na n-ealaíon i gCluain Meala
- » Iníúchadh a dhéanamh ar roghanna le haghaidh áiseanna taispeántais níos fearr san Aonach
- » Maoiniú a lorg chun féidearthacht roghanna féideartha a mheas ó thaobh caipitil agus oibriúcháin de

- » Leanúint ar aghaidh ag tairiscint Scéim bhliantúil Deontais an Achta Ealaíon arb í an príomhscéim deontais í trína dtacaíonn an Chomhairle le heagraíochtaí chun tionscadail ealaíon a fhorbairt
- » Leanúint le sparánachtaí a sholáthar chun tacú le forbairt ghairmiúil m.sh., Blas agus Scéim Drámaíochta Áitiúil Chomhairle Contae Thiobraid Árann
- » Sparánacht bhliantúil a sholáthar chun freastal ar Scoil Samhraidh Chonradh Drámaíochta na hÉireann chun tacú le saincheisteanna a aithnítear tríd an bpróiseas comhairliúcháin ag earnáil na drámaíochta amaitéarach.
- » Comhairle agus tacaíochtaí oiliúna a sholáthar d’eagraíochtaí ealaíon deonacha agus amaitéaracha chun tacú le dea-chleachtas i mbeartas agus i nósanna imeachta

- » Tacaíocht mhaoinithe a chaomhnú do *Music Generation* Thiobraid Árann agus *Creative Places* Baile Thiobraid Árann
- » Leanúint ar aghaidh ag cur leis na grúpaí stiúrtha i gcáil chomhairleach agus oibríochta do na tionscnaimh chruthaitheacha seo
- » Leanúint ar aghaidh ag freagairt do thuilleadh deiseanna nua a d’fhéadfadh rochtain ar na healaíona a fheabhsú do shaoránaigh Thiobraid Árann

Tosaíocht Straitéiseach 3

Ealaín ag Nascadh Pobail

Déanann an Tosaíocht Straitéiseach seo cur síos ar an gcaoi a n-éascaíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann naisc, cainteanna agus idirghníomhaíochtaí idir na healaíona agus daoine sa chontae.

Tríd an obair seo déanaimid iarracht an rannpháirteachas agus an taitneamh a thagann as deiseanna ealaíon d’ardchaighdeán a spreagadh, le béim ar leith ar thacú leo siúd a bhféadfadh fadhbanna a bheith acu ó thaobh na rannpháirtíochta de.

CUSPÓIRÍ

ROCHTAIN A CUMASÚ

Aghaidh a thabhairt ar bhacainní rannpháirtíochta, cuireadh a thabhairt go réamhghníomhach don éagsúlacht agus tacú le rannpháirtíocht in eispéiris ealaíon ardchaighdeán

GNÍOMHARTHA

- » Leanúint le cúnaimh airgeadais a sholáthar (trí mhaoiniú bliantúil agus raon scéimeanna agus tionscnamh) d’ionaid ealaíon, d’fhéilte, agus d’eagraíochtaí ealaíon chun rochtain, cláir fhorbartha sóisialta agus for-rochtain a sheachadadh
- » Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag tacú le rochtain ar na healaíona do shaoránaigh níos sine trí chomhpháirtíocht Age and Opportunity Festival Bealtaine i gcomhar le Leabharlanna Thiobraid Árann
- » Oibriú go hinmheánach ar fud an Údaráis Áitiúil chun tacú le rochtain, éagsúlacht agus cuimsiú níos fearr trí na healaíona
- » Díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar sraith clár Ealaíon agus Sláinte le comhpháirtithe aitiúla agus náisiúnta
- » Imscrúdú agus iarracht a dhéanamh ar raon comhpháirtíochtaí cruthaitheacha a fhorbairt le gníomhaireachtaí ábhartha agus le comhpháirtithe forbartha pobail chun tacú le cláir rannpháirtíochta níos fadtéarmaí i gcomhar le hinfreastruchtúr ealaíon an chontae
- » Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun an gréasán de Phointí Nasctha Leathanbhanda a úsáid mar ionaid do rochtain chultúir tuaithe
- » Píolótach a reachtáil ar sholáthar imeachtaí ealaíon agus cultúrtha mar thionscnamh r-shláinte (m.sh. i suíomhanna cúraim)
- » A chinntiú go ndéantar na healaíona a chomhtháthú i mbeartais, pleananna agus straitéisí forbartha áitiúla níos leithne de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann

OÍCHE CHULTÚIR

Feabhas a chur ar rochtain gheografach agus ar rannpháirtíocht agus nasc pobail trí chomhordú agus tacaíocht a thabhairt do chlár Oíche Chultúir

- » Leanúint ar aghaidh ag obair le raon comhpháirtithe chun Oíche Chultúir bhríomhar a chur ar fáil agus a chomhordú chun a chinntiú go méadaítear na deiseanna rannpháirtíochta, an tionchar ar lucht féachana agus obair d’ealaíontóirí ar fud an chontae

LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA

Príomhfhócas de Chlár Ealaíon an Chontae is ea rochtain ar na healaíona a chinntiú do Leanaí agus Daoine Óga agus cabhrú le daoine óga teanga chruthaitheachta a fhorbairt.

Tríd an Oifig Ealaíon, tacaíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sna healaíona trí raon scéimeanna agus tacaíochtaí maoinithe ar nós tionscnaimh cláir dhíreacha, maoiniú d’infrastruchtúr ealaíon an chontae, *Music Generation* agus *Creative Places* Baile Thiobraid Árann.

Príomhphointe rochtana ar na healaíona do leanaí agus daoine óga ar fud an chontae is ea Scéim na nEalaíontóirí I mBunscoile. Is gné thábhachtach d’obair Chomhairle Contae Thiobraid Árann í na healaíona óige, a théann i ngleic le daoine óga mar chruthaitheoirí agus mar lucht féachana ar fud an chontae.

CUSPÓIRÍ

Rochtain ar na healaíona a chinntiú agus deiseanna rannpháirtíochta a fheabhsú do Leanaí agus Daoine Óga mar chruthaitheoirí agus lucht féachana

GNÍOMHARTHA

- » Eolas a sholáthar ar dheiseanna rannpháirtíochta do leanaí agus do dhaoine óga

Na hEalaíona san Oideachas

- » Tacaíocht a chaomhnú do na cláir Ealaíon san Oideachas atá á reachtáil go díreach ag Oifig Ealaíon Thiobraid Árann (Scéim na nEalaíontóirí i mBunscoileanna, taispeántas Cló i Scoileanna)
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim na nEalaíontóirí i mBunscoileanna i gcomhthéacs forbairtí agus saincheisteanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda chun a poitéinseal a uasmhéadú mar phríomhphointe rochtana
- » Taighde a dhéanamh ar thionchar chlár ealaíon san oideachas de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann
- » Tagairt a dhéanamh d’Acmhainní ar líne a bhaineann leis na healaíona san oideachas

Leanaí agus Daoine Óga; Ealaíona Óige

- » Oibriú go réamhghníomhach le hinfreastruchtúr na n-ealaíon chun deiseanna rannpháirtíochta marthanacha a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga ó gach cúlra, a léiríonn guthanna agus spéiseanna na ndaoine óga atá i gceist
- » Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt Amharclann Óige Thiobraid Árann san Aonach agus i nDurlas Éile i gcomhpháirtíocht le hionaid ealaíon áitiúla
- » Oibriú le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun Mol Ealaíona Óige Thiobraid Árann (a bunaíodh le déanaí) a dhaingniú agus a fhorbairt mar mheicníocht chun deachleachtas agus eolas a roinnt, agus deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar d’ealaíontóirí agus d’oibrithe óige d’fhonn gníomhaíocht ealaíon óige ar ardchaighdeán agus rannpháirtíocht a mhéadú. ar fud an chontae
- » Cumarsáid atá dírithe ar an aos óg a choimisiúnaí chun eolas bolscaireachta a sholáthar do dhaoine óga

Tosaíocht Straitéiseach 4

Sochrúcháin Chruthaitheach

Tríd an Tosaíocht Straitéiseach seo cuirfidh an Oifig Ealaíon cur chuige Sochrúcháin Chruthaitheach i bhfeidhm. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná oibriú le comhghleacaithe go himheánach agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun na healaíona a chur i gceartlár na pleanála le haghaidh forbartha agus athnuachana. Agus cur chuige *Creative Placemaking* á ghlacadh tá sé d’aidhm ag Comhairle Contae Thiobraid Árann caighdeán saoil a saoránach a fheabhsú trí áiteanna agus spásanna a fheabhsú trí na healaíona, ag cinntiú gur féidir leis an bpobal taitneamh a bhaint as na healaíona sa timpeallacht thógtha áitiúil, ag cruthú deiseanna nua le haghaidh rannpháirtíochta idir ealaíontóirí agus an pobal, ag tabhairt an deis d’ealaíontóirí as gach disciplín saothair ealaíne a chruthú i suíomhanna poiblí éagsúla.

CUSPÓIRÍ

Acmhainn chruthaitheach ár mbailte agus ár sráidbhailte a uasmhéadú chun féiniúlacht ealaíonta an chontae agus caighdeán saoil na saoránach a fheabhsú

GNÍOMHARTHA

Ceannaireacht a thabhairt ar choimisiúnú Ealaíne Poiblí do Chomhairle Contae Thiobraid Árann trí:

- » Naisc a fhorbairt le ranna inmheánacha atá freagrach as tionscadail forbartha caipitil chun a chinntiú go n-úsáidtear an Scéim Céatadán don Ealaín chomh minic agus is féidir
- » Grúpa Oibre Ealaíne Poiblí tras-rannach a bhunú laistigh de Chomhairle Contae Thiobraid Árann chun struchtúir chúí a bhunú chun an scéim a phleanáil, a fhorbairt, a mhaoirsiú, a roghnú agus a chur i bhfeidhm.
- » Cur chuige straitéiseach ar fud an chontae maidir le Coimisiúnú Ealaíne Poiblí a chur chun cinn

Feabhsú Cathartha

- » Comhairle a chur, nuair is cuí, ar fhorbairtí nua cathartha ó thaobh na n-ealaíon de thar ceann Chomhairle Contae Thiobraid Árann
- » Oibriú chun tacú le polasaí Lár an Bhaile chun a chinntiú go bhfuil na healaíona agus an cultúr lárnach don fhorbairt
- » Freagairt do dheiseanna nua forbartha lena chinntiú go bhfuil *Creative Placemaking* lárnach d’obair Chomhairle Contae Thiobraid Árann

Baile Filíochta Carraig na Siúire 2021.
Grianghrafadóir Pete Smith.





Tionscadal Ealaíne SWITCH, An tAonach.
Grianghrafadóir Harald Turek.

Cuid 6

**Straitéis agus
Maoiniú na
nEalaíon a
Sheachadadh;
Meastóireacht
agus
Athbhreithniú**

Soláthraíonn an Straitéis Ealaíon seo creat gníomhartha cúig bliana atá le cur i bhfeidhm ag Oifig Ealaíon Thiobraid Árann thar ceann Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Is freagairt straitéiseach é ar shaincheistanna agus riachtanais a tháinig chun cinn tríd an bpróiseas comhairliúcháin, arna fhorlíonadh ag saineolas oibre fhoireann na hOifige Ealaíon, agus cuireann sé treochlár ar fáil chun na healaíona i dTiobraid Árann a fhorbairt tuilleadh. Leagfar amach i bplean oibríochta bliantúil na príomhthascanna, na spriocanna agus na haschuir réamh-mheasta don Chur Chuige agus na Tosaíochtaí Straitéiseacha. Soláthróidh na gníomhartha a liostaítear faoin gCur Chuige agus faoina Tosaíochtaí Straitéiseacha an bonnlíne le haghaidh meastóireachta agus athbhreithnithe ar chlár oibre.

Scríofa ag am a bhfuil an domhan ag teacht amach as paindéim dhomhanda, teastaíonn ón straitéis seo comhdhlúthú a dhéanamh ar na príomhforbairtí atá daingnithe ag infheistíocht Chomhairle Contae Thiobraid Árann sna healaíona le breis agus fiche bliain. Aithnítear sa straitéis na dúshlán atá le sárú i ngach earnáil den gheilleagar le blianta beaga anuas, agus na dúshlán nua atá roimh an tír agus í ag dul i ngleic le géarchéim costais mhaireachtála, imní faoi athrú aeráide, agus slua pobail nua mar thoradh ar coimhlint.

I bhfianaise seo, tá sé ríthábhachtach go bhfanann Comhairle Contae Thiobraid Árann uaimhianach maidir le forbairt na n-ealaíon sa Chontae.


Beidh freagracht dhíreach ar Oifig Ealaíon Thiobraid Árann as na gníomhartha a chur i bhfeidhm, agus beidh obair i gcomhpháirtíocht le rannóga eile laistigh den chomhairle agus le healaíontóirí, eagraíochtaí agus grúpaí ealaíon agus gníomhaireachtaí poiblí eile go háitiúil agus go náisiúnta i gceist le cuid acu.

Tá a cur chuige réamhghníomhach léirithe ag Oifig Ealaíon Thiobraid Árann go seasta maidir le deiseanna a fháil do na healaíona sa chontae, chomh maith lena cumas oiriúnú le linn na paindéime Covid-19 mar fhreagra ar riachtanais agus timpeallachtaí athraitheacha. Déanfaidh Oifig na nEalaíon a dícheall leanúint ar aghaidh ag fáil aon acmhainní breise airgeadais nó eile atá ag teastáil chun a chinntiú go gcuirfear an plean i gcrích chomh hiomlán agus is féidir.

Tá seachadadh na straitéise seo ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil, ar iarratais bhliantúla ar mhaoiniú agus ar sruthanna nua agus breise maoinithe a chinntiú. Mar sin féin, tá cumas na Comhairle maoiniú a leithdháileadh ag brath ar a leithdháiltí maoinithe féin agus ar a próiseas buiséadach. Teastóidh ionchur dearfach freisin ó go leor gníomhaireachtaí agus grúpaí a bhfuil sainchúraimí cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha leathana acu chun go n-éireoidh leo. Trí fhoilsiú na Straitéise, tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag taispeáint a diongbháilteachta infheistíocht nua a éascú agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do na healaíona agus pobail agus, trí é sin a dhéanamh, Tiobraid Árann níos fearr a chruthú trí na healaíona.

Tionscadal Óige an tSamhraidh 2022, Amharclann Óige Fracture.
Grianghrafadóir Jennifer Ryan Kelly.





Éilíonn an timpeallacht chorparáideach faoina bhfeidhmíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann go ndéanfaí monatóireacht agus meastóireacht leanúnach ar an dul chun cinn i seachadadh pleananna agus straitéisí.

Is gnéithe riachtanacha iad cuntasacht agus trédhearcacht laistigh de sholáthar seirbhíse na n-údarás áitiúil agus déantar iad a ráthú trí phleanáil oibriúcháin, leagan amach spriocanna agus cuspóirí agus tuairisciú rialta do bhaill agus don bhainistíocht. Imlíonn an straitéis na gníomhartha atá beartaithe thar thréimhse cúig bliana. Forbrófar pleananna oibre bliantúla ag tús gach bliana atá comhghuailíochta leis na hacmhainní atá ar fáil. Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le seachadadh an phlean seo trí thuarascálacha démhíosúla don Bhainistíocht, trí chruinnithe Foirne Cultúir chomh maith le Tuarascálacha Bainistíochta démhíosúla do Bhaill Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Tuairiscíonn an Fhoireann Chultúrtha freisin do Chruinnithe Ceantar Bardasach trí huaire sa bhliain, don Choiste um Beartais Straitéiseacha ceithre huaire sa bhliain, agus tuairiscíonn sí go bliantúil don Chomhairle Ealaíon.

Áireofar i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis Áitiúil cuntas ar éachtaí agus dul chun cinn i seachadadh na Straitéise Ealaíon seo.

Cuid 7

Modheolaíocht Taighde

Cuireadh tús le taighde ar an dara Straitéis Ealaíon Chontae Thiobraid Árann i lár na bliana 2022. Mar chéad chéim, rinneadh anailís ar ghníomhartha an phlean roimhe seo chun na gníomhartha ar tugadh aghaidh orthu, na gníomhartha bhí fós le réiteach agus na gníomhartha breise a baineadh amach/cuireadh i bhfeidhm a aithint. Fuarthas amach san anailís seo gur cuireadh 45 de na 50 gníomh sonraithe sa straitéis ealaíon roimhe seo i bhfeidhm. As na cúig cinn nár cuireadh i bhfeidhm, bhain trí cinn le healaín phoiblí, nárbh fhéidir a chur ar aghaidh mar gheall ar an bpaindéim agus bhí an dá cheann eile imithe i léig de bharr aistrithe beartais áitiúil nó náisiúnta nó athruithe comhshaoil. Seachadadh 18 gníomh breise nach raibh san áireamh sa bhunstraitéis freisin mar fhreagra ar dheiseanna a tháinig chun cinn le linn tréimhse na straitéise.

TAIGHDE DEISCE

Scrúdaíodh Pleananna Ealaíon arna bhfoilsíú ag Údarás Áitiúla timpeall na hÉireann chun peirspictíocht náisiúnta a fháil ar na dúshlán agus na deiseanna atá roimh Oifigí Ealaíona údarás áitiúla eile a oibríonn laistigh de na creataí beartais céanna le Tiobraid Árann. Rinneadh athbhreithniú ar bheartais ealaíon náisiúnta ábhartha agus ar Phlean Forbartha, ar Phlean Corparáideach agus ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Contae Thiobraid Árann.

'Tinned Stories', tionscadal Bealtaine le Aoibh Ros Cré agus an t-ealaíontóir Aoife Barrett. Grianghrafadóir A.Barrett.



COMHAIRLIÚCHÁIN

Ceapadh próiseas comhairliúcháin fadréimseach chun eispéiris, dúshlán, uaillmhianta agus riachtanais ealaíontóirí, léiritheoirí cultúrtha, eagraíochtaí, pobail, grúpaí deonacha, rannpháirtithe agus lucht féachana thar raon aoise agus cúlraí sóisialta a chloisteáil.

Reáchtáladh cruinnithe duine le duine le raon príomhfhaisnéiseoirí, baill d'fhoireann Chultúrtha Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus príomhfhoireann eile laistigh de Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Chuathas i gcomhairle freisin le baill fheidhmeannas na Comhairle Ealaíon, BOO, Music Generation Thiobraid Árann agus gníomhaireachtaí eile.

Tionóladh grúpa fócais comhdhéanta de bhainisteoirí gairmiúla ealaíon na n-eagraíochtaí atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon, agus lorgaíodh a dtuairimí mar ghairmithe atá ag forbairt, ag tacú, ag coimisiúnú agus ag cur i láthair na n-ealaíon sa chontae.

Reáchtáladh cruinnithe i gCluain Meala, san Aonach agus i nDurlas Éile inar tugadh cuireadh d'ealaíontóirí gairmiúla, léiritheoirí cultúrtha, eagraíochtaí ealaíon, lucht déanta beartas, agus ionadaithe pobail a dtaithe féin ar na healaíona sa chontae a roinnt. Lean an plé le clár oibre struchtúrtha agus ghlac foireann Chomhairle Contae Thiobraid Árann nótaí ag gach cruinniú. Eagraíodh cruinnithe poiblí a fógraíodh go poiblí i gCarraig na Siúire, i gCluain Meala, san Aonach, i nDurlas Éile agus i mBaile Thiobraid Árann do dhaoine ar spéis leo cleachtas agus soláthar ealaíon ar fud an chontae, d'ealaíontóirí agus cleachtóirí gairmiúla agus do lucht féachana na n-ealaíon.

Rinneadh comhairliúchán leathan óige le raon grúpaí agus soláthróir óige. Chuathas i gcomhairle le baill Chomhairle na nÓg freisin trí shuirbhé le linn ceann dá gcuid imeachtaí. Éisteadh le tuairimí 59 duine óg idir ocht agus ocht mbliana déag d'aois mar chuid de na comhairliúcháin seo. Chuathas i gcomhairle le roinnt daoine tábhachtacha a bhfuil baint ghníomhach acu le soláthar ealaíon don óige ag cruinnithe duine le duine.

Cuireadh ceithre shuirbhé shaincheaptha ar leith ar fáil trí thairseach comhairliúcháin Chomhairle Contae Thiobraid Árann, tríd na meáin shóisialta, trí ríomhphost díreach, trí shuíomh Gréasáin agus nuachtlitir ealaíon Chomhairle Contae Thiobraid Árann, agus tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN). San iomlán, fuarthas 147 suirbhé ó gach earnáil. Séard a bhí sa na suirbhéanna:

- » Suirbhé ar líne d'ealaíontóirí/cleachtóirí gairmiúla, eagraíochtaí ealaíon/féilte.
- » Suirbhé ar líne le haghaidh eagraíochtaí amaitéarach/deonacha, grúpaí pobail agus baill den phobal. Scaipeadh leagan cruachóipe den suirbhé seo ar na leabharlanna, ionaid ealaíon agus ionaid eile.
- » Suirbhé ar líne do dhaoine óga i suíomhanna oibre don aos óg
- » Suirbhé ar líne do bhaill Chomhairle na nÓg.

Tar éis na gcomhairliúcháin, rinneadh anailís ar na torthaí agus aithníodh sraith nua gníomhartha don tréimhse cúig bliana atá le teacht. Tháinig an próiseas chun críche i mí na Samhna 2022.

ADMHÁIL

Údair

Melanie Scott agus Liz Powell

Stiúrtóir Seirbhísí: Pleanáil agus Forbairt, Seirbhísí Éigeandála agus Pleanáil Éigeandála, Leabharlanna/Seirbhísí Cultúrtha/Bithéagsúlacht.
Stephane Duclot

Oifigeach Ealaíon

Melanie Scott

Comhairleoir Straitéise Ealaíon

Liz Powell

Dearadh agus Táirgeadh

Pure Designs Studio

Aistriúchán

MeasMedia

Arna fhoilsiú agus arna dháileadh ag:

An Oifig Ealaíon
Comhairle Contae Thiobraid Árann
Oifigí Cathartha
Bóthar Luimnigh
An tAonach
Thiobraid Árann
Fón: +353 (0)818 06 5000

www.tipperarycoco.ie

www.facebook.com/TipperaryArtsOffice
Twitter: @TipperaryArts
Instagram: Tipperary Arts Office

© Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Thiobraid Árann

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála nó a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar mhodh ar bith leictreonach, meicniúil, fótachóipeála, taifeadta nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

ISBN: 978-0-9540943-9-3

Ba mhaith leis an Oifig Ealaíon buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis na próisis bhainistíochta, éascaithe agus chomhairliúcháin a d'eascair foilsiú Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann 2023-2027. Táimid buíoch go háirithe dóibh siúd ar fad a ghlac páirt sna próisis chomhairliúcháin ar fud an chontae.



Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

Comhairle Contae Thiobraid Árann
Oifigí Cathartha
Bóthar Luimnigh
An tAonach
Thiobraid Árann

Fón: 0818 06 5000

www.tipperarycoco.ie